# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015

# SCÉIM MHARCÁLA

# GNÓ, 2015

# ARDLEIBHÉAL

**Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- **Déantar pointí ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais**.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain..
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2015**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**ROINN 1**
**(80 Marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| 1. | 6 m (3+3)<br>4 m | 10 |
| 2. | (a) 4 m<br>(b) 2 @ 3 m (Príomhghné de ÍMAT) | 10 |
| 3. | (a) Foirmle = 2m<br>10,000 = 2m<br>50,000 = 1m<br>Freagra = 1m má tá % san áireamh<br><br>(b) 4m (2+2)<br>Laghdú (Luaigh an treocht)<br>Cinneadh | 10 |
| 4. | 3+3+2+1+1 m | 10 |
| 5. | 4m + 4m<br>Aon sampla amháin 2m | 10 |
| 6. | 6m (3+3) + 4m (2 +2) | 10 |
| 7. | (a) 6m (3+3)<br>(b) 4m (2+2) | 10 |
| 8. | 3+3+2+ 1+1m | 10 |
| 9. | 6m (3+3) + 4m | 10 |
| 10. | 5m (3+2) +5m (3+2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

**ROINN 2**
**(80 Marc)**
**Bróga Uí Airt Teo.**

| **Ceist ar an nGnó Feidhmeach (na hAonaid 2, 3, 4)<br>Ceist éigeantach í seo.** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Scileanna / tréithe fiontraíochta<br>(Ainmnigh scil/tréith,<br>Mínigh an Teoiric<br>Nasc ábhartha ar leith) | Is dóigh = 2 m<br><br>3@ 6m (2+2+2) | 20 marc |
| **(B)** | (i) Tabhair sainmhíniú ar an ngníomhaíocht bhainistíochta 'pleanáil'.<br><br>(ii) Mínigh LLDB/ Déan an LLDB<br>• Ainm<br>• Mínigh<br>• Nasc<br>(Ní mór go mbeadh baint ag an nasc leis an ngné cheart) | 6m (3+3)<br><br><br>4 @ 6m (2+2+2) | 6 mharc<br><br><br>24 marc |
| **(C)** | Straitéisí an Athraithe<br>(Sainaithin, Mínigh, Nasc, Measúnaigh)<br><br>(Nasc ábhartha ar leith do gach cur chuige)<br><br>**Mura dtugtar ach measúnú ilchodach amháin**<br>Bronn (0/1/3 mharc) | 3@10m (3+3+3+1) | 30 marc |
| **R.2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80 marc** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, **ní mór** d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

**ROINN 3**
**(240 marc)**

**CUID 1**

| **Ceist 1**<br>**Daoine sa Ghnó** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Infheisteoir agus Fiontraí<br>Caidreamh comhoibritheach<br>Foinse Coinbhleachta<br><br>Soláthraí agus Bainisteoir Ceannaigh.<br>Caidreamh comhoibritheach<br>Foinse Coinbhleachta | <br>5m(3+2)<br>5m(3+2)<br><br><br>5m(3+2)<br>5m(3+2) | 20 |
| **(B)** | Sainchomhlíonadh<br>(Leigheas ar shárú, míniú, agus sampla ábhartha) | (4 + 3 + 3) m | 10 |
| **(C)** | (i) Sainmhíniú ar Idirdhealú<br><br>(ii) Liostaigh **trí** fhoras ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscthe<br><br>(iii) An ról atá ag Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais<br><br>**Measúnú**<br>Bronn (0/1/2 mharc) | 10m (7+3)<br><br>9 m (3 @ 3)<br><br>9 m (3 @ 3m)<br><br>2 m | 30 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 2<br>Timpeallacht Intíre | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le cuideachta phríobháideach theoranta mar chineál úinéireacht ghnó do ghnólacht nuathionscanta. | 4 @ 5m (2+3) | 20 |
| **(B)** | Pléigh na slite a dtéann an fás san fhostaíocht le tamall anuas i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann ó thaobh na heacnamaíochta de. | 4 @ 5m (2+3) | 20 |
| **(C)** | Pléigh an chaoi a bhféadfadh gnólacht feidhmiú ar bhealach a bheadh aireach faoin gcomhshaol. | 4 @ 5m (2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 3<br>Timpeallacht Intíre/Idirnáisiúnta | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na cúiseanna a roghnódh cuideachtaí ilnáisiúnta (MNC) lonnú in Éirinn.<br>Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. | 2@ 7m (4+3)<br>1@ 6m (3+3) | 20 |
| **(B)** | Meascadh (cumasc) margaíochta caighdeánaithe<br>(Sampla ag teastáil)<br><br>Meascadh (cumasc) margaíochta oiriúnaithe i dtaca le margaíocht dhomhanda<br>(Féadfaidh baint a bheith ag sampla le gné **amháin**: táirge, praghas, tionscnamh (cur chun cinn), nó ionad) | 8 m (4+4)<br><br><br><br>12 m (4+4+4) | 20 |
| **(C)** | Foirmliú<br><br><br>Treoracha<br>Rialacháin | 12m (4@ 3 m)<br><br><br>4m<br>4m | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 3**
**CUID 2**
**Fiontraíocht**

| **Ceist 4**<br>**Bainistíocht** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Barrachairt nó Líneghraf<br><br>(ii) Na prionsabail ar chóir do Phól iad a chur san áireamh chun a chinntiú go gcuireann sé a theachtaireacht in iúl go héifeachtach don bhord stiúrthóirí.<br><br>Tagairt do Phól | 6 bharra nó pointe 6 @ 1m<br>Teideal na cairte 2m<br>X-ais 2m<br>Y-ais 2m<br><br>3 @ 4 m (2+2)<br><br>1m | 25 |
| **(B)** | Tabhair breac-chuntas ar an mbuntáiste **do ghnólacht** a bhaineann le struchtúr feidhmiúil eagrúcháin.<br>(is gá tagairt a dhéanamh don chaoi a mbíonn buntáiste ann don ghnólacht) | 3 @ 5m (2 + 3) | 15 |
| **(C)** | Mínigh na modhanna chun an baol a ghabhann le drochfhiacha a íoslaghdú. | 7m (4+3) +7m (4+3) +6m (3+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 5<br>Gnó i nGníomh | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Saolré táirge<br><br>(Ní mór do na céimeanna a bheith san ord ceart chun marcanna a bhronnadh.)<br><br>(ii) Déan cur síos ar shaintréith **amháin** de gach céim agus tú ag tagairt do tháirge de do rogha féin.<br><br>Ainmnigh Táirge AMHÁIN | 8 @ 1m + 1m le haghaidh cuair.<br><br>5 @ 3m (2+1)<br><br>1m | 25 |
| **(B)** | (i) Déan liosta de na ceithre chéim<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar **thrí** cinn ar bith de na céimeanna seo. | 5m<br><br>3 @ 5m (2+3) | 20 |
| **(C)** | Pléigh na príomhcheisteanna a mbeidh ar Lia aghaidh a thabhairt orthu sula mbunóidh sí a fiontar gnó.<br>(Tagairt do Lia) | 3 @ 5m (2+2+1) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 6<br>Bainistíocht | | | Uas-<br>Mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | (i) Foirm thogra árachais<br>(ii) An prionsabal árachais a bhfuil tagairt dó<br>(iii) **Dhá** phrionsabal eile | 5m (2+3)<br>5m (2+3)<br><br>2@ 5m (2+3) | 20 |
| **(B)** | Na buntáistí do na **fostaithe** i ngnólacht as measúnú feidhmíochta<br><br>(Sainaithin/mínigh/an tairbhe atá ann d'fhostaithe) | 3@ 5m (2+2+1) | 15 |
| **(C)** | (i) Mínigh nacúiseanna a n-ullmhófaí réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid<br><br>(ii) Na figiúirí a seasann na litreacha A, B agus C dóibh<br>(iii) An chaoi le déileáil leis an bhfadhb airgeadais a aithnítear sa réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid seo | 2 @ 5m (2+3)<br><br>3 fhigiúr @ 2+ 3 (2+1) +2m<br><br>8m (4 (2+2)+4 (2+2)) | 25 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 7<br>Gnó i nGníomh | | | Uas-<br>mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Mínigh na gnéithe Táirge, Praghas agus Ionad sa mheascadh (chumasc) margaíochta.<br><br>(2 phointe ábhartha ar Leith ar gach ceann agus bíodh tagairt ann do **Chuar Teo**. don mharc deiridh ) | 9m (3+3+3)<br>8m (3+2+3)<br>8m (3+2+3) | 25 |
| **(B)** | (i) Mínigh an téarma Caidreamh Poiblí (PR).<br><br>(ii) Bealaí le Caidreamh Poiblí maith a chruthú. | 6m (4+2)<br><br>2 @ 7m (4+3) | 20 |
| **(C)** | (i) Sainmhínigh deighilt an mhargaidh<br>(ii)Léirigh **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a chur san áireamh chun a mhargadh a dheighilt. | 5m (2+3)<br>2 @ 5m (1+2+2) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

**ROINN 1**
**(80 Marc)**
**CEISTEANNA GEARRFHREAGRA**
## (Nótaí Tacaíochta)

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| **1** | | | **Mínigh an téarma *réise rialúcháin* agus tabhair breac-chuntas ar chás ina bhféadfadh réise cúng rialúcháin a bheith oiriúnach.**<br><br>Is é atá i ceist i réise rialúcháin ná an líon daoine / íochtarán a thuairiscíonn go díreach do bhainisteoir nó do mhaoirseoir amháin i ngrádlathas.<br><br>Bheadh réise cúng rialúcháin níos oiriúnaí nuair a bhíonn ardleibhéal saineolais ag teastáil san obair / sa chás go mbíonn an cineál oibre casta / nach mbíonn taithí ag oibrithe nó bainistíocht etc. | 10 |
| **2** | | | (a) **Cad dó a seasann na litreacha ÍMAT?**<br><br>Íoc Mar A Thuillir<br><br>(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phríomh-ghné den chóras cánach ÍMAT:<br><br>Forchéimnitheach (Titeann an t-ualach is troime ar na daoine a thuilleann an t-ioncam is mó)<br><br>Éifeachtach (Bailíonn an lucht gnó cáin don státchiste)<br><br>Díreach (cáin dhíreach atá ann ar ioncam a thuilltear ó fhostaíocht)<br><br>Bunaithe ar fhoirmeacha (P12A, P60, P45, P12, P21), etc. | 10 |
| **3** | | (a)<br><br><br><br><br><br><br><br>(b) | **Bain úsáid as na figiúirí thíos chun an Céatadán Bhrabúis Ghlain (Corrlach) ag Foilsitheoireacht Auburn Teo. do 2014 a ríomh:**<br><br>Glanbhrabús/Díolacháin × 100<br><br>Ollbhrabús 22,000 – Costais 12,000 = Glanbhrabús €10,000<br>Glanbhrabús 10,000 / Díolacháin 50,000 = 20%<br><br>Thit an Corrlach Glan de 5%, rud a léiríonn go bhfuil brabúsacht na cuideachta ag titim agus go bhféadfadh sé bheith in am don bhainistíocht a chostais a rialú trí chinneadh a dhéanamh, mar shampla, le pá a ghearradh, amhábhair níos saoire a fháil nó ba cheart dó iarracht a dhéanamh ar ioncam díolacháin a mhéadú. | 10 |
| **4** | | | **1 Fíor** \| **2 Fíor** \| **3 Bréagach** \| **4 Fíor** \| **5 Bréagach** | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | | | **Léirigh an difríocht idir *cumasc* agus *comhghuaillíocht straitéiseach.***<br><br>Is ionann cumasc agus malgamú cairdiúil nó deonach de dhá ghnólacht nó níos mó ar mhaithe lena gcomhshochar. Cruthaítear aonán dleathach nua amháin.<br>Sampla**:** Foirmíodh Glanbia cpt i 1997 mar gheall ar chumasc Avonmore Foods cpt agus Waterford Foods cpt.<br><br>Comhghuaillíocht straitéiseach: nuair a aontaíonn dhá chomhlacht neamhspleácha nó níos mó comhoibriú le chéile agus a n-acmhainní agus a saineolas ar mhaithe lena gcomhshochar. Fanann na gnólachtaí neamhspleách ar a chéile go dlíthiúil agus coimeádann gach gnólacht a fhéiniúlacht trádála féin.<br><br>**Sampla:** Chuaigh Starbucks i bpáirt le siopaí leabhar Barnes agus Noble i 1993 chun siopaí caife intí a chur ar fáil, rud a chuaigh chun tairbhe an dá mhiondíoltóir / roinneann Mazda agus Toyota acmhainní teicneolaíochta. | 10 |
| 6 | | | *Is céimeanna i bhforbairt foirne iad foirmiú, stoirmiú, normú agus feidhmiú.*<br><br>**Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar *stoirmiú* agus ar *normú*.**<br><br>Stoirmiú: Tástálann baill foirne cúrsaí caidrimh agus teannas / Tarlaíonn coinbhleachtaí go minic/ Déanann baill iarracht a n-ionad ar an bhfoireann a bhunú/ D'fheadfadh baill feidhmiú mar dhaoine aonaracha agus tuairimí eile a dhiúltú / Tugtar dúshláin do dhifríochtaí.<br><br>Normú: Tagann caidreamh cuiditheach agus bealaí le hoibriú le chéile chun cinn / Aontaítear rialacha bunúsacha agus dírítear níos mó ar an tasc idir lámha / Forbraítear mothú muiníne níos mó idir bhaill na foirne. | 10 |
| 7 | | (a)<br><br><br>(b) | **Mínigh an téarma *Ráta Malairte.***<br><br>Is é seo praghas airgeadra amháin léirithe i dtéarmaí airgeadra eile.<br><br>**Déan cur síos ar dhá phriacal do ghnóthaí in Éirinn a d'fhéadfadh a bheith ag baint le *rátaí malairte.***<br><br>Má mhéadaíonn luach an euro i gcoibhneas leis an $/£ bíonn easpórtálacha na hÉireann níos costasaí thar lear/ní bhíonn siad chomh hiomaíoch, rud nach bhfuil go maith do ghnó na hÉireann mar go laghdaíonn díolacháin agus brabús. | 10 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Má thiteann an euro i gcoibhneas leis an $/£, éireoidh iompórtálacha níos daoire, méadóidh costais do ghnólachtaí, e.g. d'fhéadfadh gnólachtaí a bpraghsanna a mhéadú nó a gcorrlach brabúis a laghdú mar gheall ar thoradh ar iompórtáil ola, ar amhábhar do ghnólachtaí é. | |
| **8** | | | **1** \| **2** \| **3** \| **4** \| **5**<br>E \| D \| F \| A \| C | 10 |
| **9** | | | Déan idirdhealú idir *Picéadú Príomhúil* agus *Picéadú Tánaisteach* mar mhodhanna gníomhaíochta tionsclaíche atá ar fáil d'fhostaithe.<br><br>*Picéadú príomhúil*<br>De réir an Achta Caidrimh Thionscail, 1990 tá sé dlíthiúil d'oibrithe siúl suas síos le plaicird in áit ina n-oibríonn a bhfostóir nó ina ndéanann sé/sí gnó chomh fada is a bhíonn an picéadú ann chun eolas a chur in iúl go síochánta.<br><br>*Picéadú tánaisteach*<br>Foráiltear san acht nach bhfuil picéadú tánaisteach (i.e. picéadú fostóra seachas an príomhfhostóir a bhaineann leis an ndíospóid) dlíthiúil ach amháin i gcásanna ina bhfuil sé réasúnta do na hoibrithe sin i mbun picéadú a chreidiúint go raibh an dara fostóir ag feidhmiú le cur isteach ar an ngníomh tionsclaíoch trí chuidiú go díreach lena bhfostóir. | 10 |
| **10** | | | **Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh chun 'infhiontraíocht' a chur chun cinn:**<br><br>Cruthaigh cultúr laistigh den eagraíocht ina bhfuil sé inghlactha botúin a dhéanamh/smaoineamh go neamhspleách.<br>Soláthróir acmhainní: Cuir acmhainní ar fáil chun cabhrú le fostaithe a gcuid smaointe a shaothrú (e.g. airgeadas, am).<br>Luachanna saothair airgeadais ar iarracht agus cruthaitheacht. D'fhéadfadh meascán de phá, de dhreasachtaí agus de shochair a bheith i gceist leis na luachanna saothair sin.<br>Spreagann obair foirne cruthaitheacht i measc fostaithe mar go n-éascaíonn sí seisiúin ransaithe smaointe (tobsmaointeoireacht) mar chuid de phróiseas forbartha táirgí, etc. | 10 |

## ROINN 2

**(80 marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 2, 3 agus 4**

**CEIST AR AN nGNÓ FEIDHMEACH**

## (Nótaí Tacaíochta)

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| A | | | **An dóigh leat gur léirigh Máirtín Ó hAirt scileanna/tréithe fiontraíochta? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don téacs atá ag gabháil leis an gCeist ar an nGnó Feidhmeach.**<br><br>Is dóigh liom é.<br><br>Nuálach/Cruthaitheach<br><br>Tá fiontraithe go maith ag teacht aníos le smaointe nua agus bealaí níos fearr le rudaí a dhéanamh. Bíonn siad i gcónaí ar lorg smaointe nua agus bealaí nua a fheabhsaíonn an rud atá ar siúl acu. Smaoiníonn siad as an nua le táirgí nua nó leaganacha nua de tháirgí atá ann cheana a fhorbairt.<br><br>Nasc<br>*"Bhunaigh sé an réiteach a bhí aige ar an méadú a bhí ag teacht i rith an ama ar an tóir atá ar an damhsa Gaelach ar fud an domhain."*<br><br>Tionscnaíocht/Leas a bhaint as deis<br><br>Léirigh Máirtín tionscnaíocht trína shaineolas maidir le déanamh bróg a thabhairt isteach i margadh an Damhsa Ghaelaigh. Chonaic sé an deis (margadh nideoige) do bhróga damhsa Ghaelaigh agus thapaigh sé an deis.<br><br>Nasc<br>*"Bhí sé mar sprioc ag Máirtín réimse de bhróga damhsa, idir bhog agus chrua, a chruthú, an leathar is fearr agus is buanfasaí a úsáid iontu agus iad a dhéanamh chomh maith sin go gcuirfidís cosaint agus compord ar fáil do dhamhsóirí Gaelacha ar fud an domhain."*<br><br>Glacadóir rioscaí<br><br>Is é atá i gceist le bheith i d'fhiontraí rioscaí pearsanta agus rioscaí airgeadais araon a ghlacadh chun smaoineamh gnó a shaothrú. Ní bhíonn eagla ar fhiontraithe rathúla roimh rioscaí a ghlacadh. Glacadóirí rioscaí réadúla atá iontu.<br><br>Nasc<br>*"Rinne Máirtín €50,000 breise a infheistiú sa ghnó le húsáid chun an mhonarcha agus an trealamh a nuachóiriú."* | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Fócas ar Chustaiméirí/Dírithe ar an todhchaí<br><br>Bíonn fiontraithe an-eolach ar riachtanais custaiméirí agus bíonn siad toilteanach a samhail ghnó a athrú chun na riachtanais sin a shásamh.<br><br>Nasc<br><br>*"Tuigeadh don úinéir, Máirtín Ó hAirt, go raibh tionscal na mbróg, a bhí na céadta bliain ar an saol, ag dul i léig ....."*<br><br>Braistint Réaltachta/Réadúil<br><br>Feiceann fiontraí rudaí/cásanna mar a bhíonn agus ní mar ar mhaith leis a bheidís.<br><br>Nasc<br>*"Tuigeadh don úinéir, Máirtín Ó hAirt go raibh tionscal na mbróg, a bhí na céadta bliain ar an saol, ag dul i léig."*<br><br>Líonrú/Buanna áititheacha/Acmhainní Daonna<br>Aithníonn fiontraithe an tábhacht a bhaineann le raon leathan teagmhálaithe a chuireann treoir agus tacaíocht ar fáil.<br>Is gá go mbeadh fiontraithe in ann rudaí a chur ina luí ar dhaoine eile.<br><br>Nasc<br><br>*"D'iarr sé cabhair na scéime 'Bí Ullamh don Easpórtáil' atá á reáchtáil ag Fiontraíocht Éireann."* | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **B** | **i** | | **Sainmhínigh an ghníomhaíocht bhainistíochta *pleanáil*.**<br><br>Is é is pleanáil ann ná leagan síos **aidhmeanna agus cuspóirí sonracha** agus cur i bhfeidhm **straitéisí** a ligeann duit aidhmeanna agus cuspóirí sonraithe an ghnólachta a bhaint amach. | 30 |
| | **ii** | | **Mínigh na gnéithe d'anailís LLDB agus déan an LLDB a d'ullmhaigh Christine Landers.**<br><br>Láidreacht: Tréithe agus acmhainní inmheánacha a thacaíonn le toradh ráithiúil/gnéithe de ghnólacht a bhfuil sé go maith aige/is féidir é a fhorbairt ina bhuntáiste iomaíoch.<br><br>Samplaí: Branda láidir/sciar mhaith den mhargadh/fórsa oibre oilte / éifeachtacht déantúsaíochta/maoiniú láidir.<br><br>Laigí:<br>Gnéithe inmheánacha de ghnólacht nach bhfuil sách forbartha agus a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do rath an ghnólachta/oibriú in aghaidh toradh ráithiúil gnólachta.<br><br>Samplaí: Drochrialú creidmheasa/teicneolaíochtaí atá as feidhm / bainistíocht lag/áiseanna as dáta/T & F neamhleor.<br><br>Deis:<br>Tosca seachtracha a bhféadfadh gnó leas a bhaint astu dá thairbhe / tosca taobh amuigh den ghnólacht a bhfuil sé de chumas acu dul chun tairbhe na gnólachta.<br><br>Samplaí: Ráta malairte ag titim/éileamh tomhaltóra/geilleagar láidir.<br><br>Bagairt:<br>Tosca seachtracha a d'fhéadfadh an gnólacht a chur i mbaol / a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar ghnólacht.<br><br>Samplaí: Rialacháin AE/easpa amhábhair/dúil/ toighsí (roghanna) an mhargaidh ag athrú. | |

**BRÓGA UÍ AIRT TEO.**

**Láidreacht**

Nasc

*"...gréasaithe ardoilte fostaithe sa chuideachta chomh maith le foireann an-éifeachtach díolacháin"*

**NÓ**

*"go raibh saineolas déantúsaíochta ag Bróga Uí Airt Teo."*

**Laige**

Nasc

*"nach raibh aon chóras acu don dearadh ríomhchuidithe (CAD) chun cuidiú le táirgeadh na mbróg..."*

**NÓ**

*"nach raibh aon suíomh gréasáin d'ardcháilíocht ann chun an díolachán ar líne a éascú."*

**Deis**

Nasc

*"go raibh margaí acu sa Ríocht Aontaithe, i Meiriceá agus san Astráil, agus na margaí sin ag fás mar thoradh ar an tóir ar an damhsa Gaelach ar fud an domhain."*

**Bagairt**

Nasc

*"bhí a gcuid iomaitheoirí in oirthear na hEorpa tar éis infheistíocht mhór a dhéanamh i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (ICT)"*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| C | | | **Déan measúnú ar éifeachtacht an chur chuige a bhí ag Máirtín chun cuidiú le Bróga Uí Airt Teo. iad féin a chur in oiriúint don athrú.**<br><br>Cumarsáid/Comhairliúchán**:** Ba cheart go mbeadh cumarsáid ionraic agus oscailte ann. Ba cheart don bhainistíocht an gá le hathruithe a mhíniú agus na hiarmhairtí a bheadh ann mura ndéanfaí aon ghníomh chun a chinntiú go mairfeadh an gnólacht. Ba cheart na buntáistí a bhaineann leis an athrú a mhíniú don fhoireann. Laghdóidh sé seo éiginnteacht agus teannas i measc na bhfostaithe.<br><br>Nasc<br>*"Phléigh Máirtín an anailís LLDB le fostaithe reatha..."*<br>**NÓ**<br>Cuirtear athrú i bhfeidhm trí bhíthin <u>próiseas comhairliúcháin</u> le fostaithe e.g. cruinniú a thionól agus barúlacha agus tuairimí na foirne a phlé agus a iarraidh d'fhonn teacht ar chomhréiteach/d'fhéadfaí diúltú don athrú gan rogha.<br><br>Nasc<br>*"Chuir sé fáilte roimh na moltaí a bhí acu i dtaca leis na gnéithe teicniúla de dhéantúsaíocht bróga damhsa crua."*<br><br>**Measúnú** ag teastáil<br><br>Idirbheartaíocht: D'fhéadfadh an lucht bainistíochta plé a dhéanamh lena bhfostaithe agus lena n-ionadaithe faoi na hathruithe a theastaíonn ar chleachtais oibre chun teacht ar chomhaontú éigin i ndáil le pá agus coinníollacha fostaíochta, gan dochar a dhéanamh don chaidreamh tionsclaíoch.<br><br>Nasc<br>*"Tháinig feabhas suntasach ar an táirgeacht mar thoradh ar scaireanna bónais a thabhairt do na fostaithe agus ar scéim chóir iomarcaíochta a thabhairt isteach."*<br><br>**Measúnú** ag teastáil<br><br>Luachanna Saothair: Ba cheart luaíocht a thabhairt don fhoireann as bheith páirteach/glacadh le hathrú. Spreagfaidh luaíochtaí an lucht oibre le dul i ngleic le hathrú agus féachaint ar athrú mar rud dearfach. Ba cheart go gcuirfí an rud a éilítear san athrú san áireamh le luaíochtaí.<br><br>Nasc<br>*"Tháinig feabhas suntasach ar an táirgeacht mar thoradh ar scaireanna bónais a thabhairt do na fostaithe agus ar scéim chóir iomarcaíochta a thabhairt isteach."*<br><br>**Measúnú** ag teastáil<br><br>Éascaitheoir: D'fhéadfadh an lucht bainistíochta athrú ó bheith | 30 |

ag feidhmiú mar rialaitheoir agus feidhmiú mar éascaitheoir (ag cuidiú le fostaithe tascanna a dhéanamh seachas a bheith á rialú) etc.

Nasc
*"Chuir sé fáilte roimh na moltaí a bhí acu i dtaca leis na gnéithe teicniúla de dhéantúsaíocht bróga damhsa crua. Ina measc sin bhí sála agus bairbíní de shnáithín gloine chun fuaim na cliceála a mhéadú, fuaim atá thar a bheith tábhachtach sa damhsa Gaelach."*

**Measúnú** ag teastáil

Cumasú: Ba cheart go mbeadh an fhoireann páirteach sa phróiseas cinnteoireachta, rud a thabharfadh mothú úinéireachta dóibh i bpróiseas an athraithe. Spreagtar fostaithe, agus cuirtear ar a gcumas, teacht aníos le smaointe agus cuirtear na tuairimí agus smaointe sin san áireamh.
Ligeann sé seo d'fhostaithe mothú go bhfuil guth acu agus spreagann sé iad le freagracht bhreise a ghlacadh. Le freagracht mhéadaithe tagann spéis mhéadaithe sa phost agus é a dhéanamh ceart.

Nasc
*"Bhí Máirtín an-sásta leis an gcur chuige nuálach a ghlac an fhoireann dearaidh nuair a bhí réimse de bhróga den scoth, idir chrua agus bhog, á dhearadh acu."*

**NÓ**

*"Chuir sé fáilte roimh na moltaí a bhí acu i dtaca leis na gnéithe teicniúla de dhéantúsaíocht..."*

**Measúnú** ag teastáil

Dóthain Maoinithe/Soláthraí acmhainne: Maoiniú agus cistiú acmhainní daonna agus fisiceacha le béim ar theicneolaíocht nua.

Nasc
*"Baineadh feidhm as cúnamh deontais ó Fhiontraíocht Éireann chun córas nua don dearadh ríomhchuidithe (CAD) a fháil agus bunaíodh suíomh gréasáin".*

**NÓ**

*"Rinne Máirtín €50,000 breise a infheistiú sa ghnó le húsáid chun an mhonarcha agus an trealamh a nuachóiriú."*

**Measúnú** ag teastáil

Oiliúint agus Forbairt: Ní mór an fhoireann a oiliúint sa bhainistiú agus úsáid teicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach agus seirbhís níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí.

Nasc
*"D'eagraigh an chuideachta cúrsaí breisoiliúna agus chuir an oiliúint agus an fhorbairt riachtanach ar fáil do na fostaithe."*

**Measúnú** ag teastáil

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Béim ar cháilíocht/bainistíocht láncháilíochta (BLC) / Ciorcail Cháilíochta:<br>Ní mór fócas an athraithe a bheith ar cháilíocht an aschuir agus ar bhainistiú cáilíochta bunaithe go dian ar obair foirne.<br><br>Nasc<br>*"D'fhorbair a fhoireann teicníc dhéantúsaíochta, a raibh paitinn nua uirthi, a chuir ar a gcumas bróg dhamhsa a tháirgeadh atá ar an gceann is éadroime agus is mó torann ar an margadh"*<br>**NÓ**<br>*"réimse de bhróga damhsa, idir bhog agus chrua, a chruthú, an leathar is fearr agus is buanfasaí a úsáid iontu agus iad a dhéanamh chomh maith sin go gcuirfidís cosaint agus compord ar fáil do dhamhsóirí Gaelacha ar fud an domhain."*<br><br>**Measúnú** ag teastáil<br><br><br>Tiomantas iomlán ón mbainistíocht/ Ceannaireacht a thabhairt le dea-sampla<br>Tá an lucht bainistíochta tiomanta go hiomlán do ghnó a chruthú a fháiltíonn roimh athrú/a fhorbraíonn cultúr athraithe.<br><br>Nasc<br>*"Shocraigh sé athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis chorparáideach na cuideachta sa chaoi go mbeadh an chuideachta inmharthana sa todhchaí."*<br><br>**Measúnú** ag teastáil | |

## ROINN 3
**(240 marc)**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

.

# (Nótaí Tacaíochta)
## Cuid 1

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | A | | **Déan cur síos ar shampla amháin de chaidreamh comhoibritheach agus ar shampla amháin d'fhoinse coinbhleachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na páirtithe leasmhara seo a leanas:** | 20 |
| | | i | Infheisteoir agus Fiontraí<br>Thiocfadh cás comhoibritheach chun cinn nuair a thabharfadh an fiontraí faisnéis oscailte, thrédhearcach, mhacánta don infheisteoir, e.g. pleananna cruinne gnó agus réamhaisnéisí sreafa airgid i gcomaoin airgeadais ón infheisteoir ar ráta nó ar thoradh réasúnta, etc.<br><br>D'fhéadfadh foinse coinbhleachta teacht chun cinn má thugann an fiontraí faisnéis bhréagach don infheisteoir / dá ndéanfadh sé mainneachtain ar aisíocaíochtaí / mura dtabharfaí a dhóthain toraidh don infheisteoir/ dá n-ath-infheisteofaí brabúis seachas toradh a thabhairt don infheisteoir. D'fhéadfadh toradh láithreach a bheith ag teastáil ón infheisteoir agus nach mbeadh sé sásta fanacht/d'fhéadfadh toradh níos mó a bheidh uaidh as an mbrabús seachas cistí a choinneáil sa ghnólacht lena fhairsingiú.<br><br>I gcás go bhfuil meathlú sa ghnó, d'fhéadfadh an fiontraí tuilleadh ama a iarraidh chun an iasacht a aisíoc, fad is atá an t-infheisteoir a áitiú go n-íocfaí aisíocaíochtaí de réir an sceidil. | |
| | | ii | Soláthraí agus Bainisteoir Ceannaigh.<br>Thiocfadh cás comhoibritheach chun cinn nuair a thabharfadh an soláthraí amhábhair, comhpháirteanna agus earraí críochnaithe d'ardchaighdeán don bhainisteoir ceannaigh a íocann in am agus a tháirgeann praghas cothrom.<br><br>D'fhéadfadh cás coinbhleachta teacht chun cinn dá gcuirfí droch-chaighdeán ábhar ar fáil / dá gcuirfí an soláthraí drochsheirbhís iardhíola ar fáil. Dá dteipfeadh ar an mbainisteoir ceannaigh íoc as na hearraí a ceannaíodh ar creidmheas, rud a chruthódh drochfhiacha don soláthraí.<br><br>D'fhéadfadh coinbhleacht a bheith ann idir an dá taobh maidir lena mbraistintí ar phraghas cothrom agus ar an rud is cáilíocht optamach ann. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | B | | **Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma 'Sainchomhlíonadh' maidir le dlí na gconarthaí.**<br><br>Is é is Sainchomhlíonadh ann ná réiteach ar shárú conartha.<br><br>D'ordódh an chúirt don pháirtí a sháraigh an conradh a ndualgais chonartha chomhaontuithe a chomhlíonadh.<br><br>Léirigh: D'fhéadfaí Sainchomhlíonadh a úsáid mar réiteach i gconradh le haghaidh díolachán nó léasú talún/le haghaidh díol earra uathúil cosúil le saothar ealaíne / críochnú tógála le réadmhaoin nó le síneadh le réadmhaoin etc. | 10 |

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist</th><th>Freagra Féideartha</th><th>Uasmharc</th></tr>
<tr><td>1</td><td>C</td><td></td><td>D’fhoilsigh Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais (ar ar tugadh an Stiúrthóir Imscrúduithe Comhionannais) roimhe seo 22 cinneadh i mí Mheán Fómhair 2013 i réimsí idirdhealaithe ar a n-áirítear inscne agus míchumas.</td><td>30</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>i</td><td>Sainmhínigh ‘idirdhealú’ i gcúrsaí fostaíochta faoi mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.<br><br>Deirtear go ndéantar idirdhealú (leithcheal) in aghaidh fostaí má chaitear leis nó léi ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach leis an mbealach a gcaitear, ar caitheadh nó a gcaithfí le duine eile (i gcás cosúil leis, ar cheann ar bith de naoi bhforas ar leith).</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>ii</td><td>Déan liosta de thrí fhoras cosanta seachas inscne agus míchumas ar a bhfuil an t-idirdhealú toirmiscthe faoin Acht seo.<br>• Stádas sibhialta (pósta):<br>• Stádas teaghlaigh:<br>• Claonadh gnéis:<br>• Reiligiún:<br>• Aois:<br>• Cine:<br>• Duine den Lucht Siúil</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>iii</td><td>Déan measúnú ar an ról atá ag Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais maidir le déileáil le cásanna idirdhealaithe faoin Acht seo.<br><br>Déanann Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais cinneadh cé acu a dhéanfaidh scrúdú ar chásanna idirdhealaithe: Oifigigh Idirghabhála Comhionannais a dhéileálann leis an gcás ar bhonn idir-réitigh, nó Oifigeach Comhionannais a leanann cur chuige níos foirmiúla,.<br><br>Déanann an Stiúrthóir an cinneadh deiridh agus is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais laistigh de 42 lá.<br><br>Cuir an gearán faoi bhráid Idirghabhálaí Comhionannais, a éascaíonn an dá pháirtí le teacht ar chomhaontú a nglacann an dá thaobh leis.<br>Is é is idirghabháil (eadráin) ann ná iarracht chun comhaontú a fháil idir pháirtithe. Ag deireadh na hidirghabhála, síníonn an dá thaobh comhaontú atá ina cheangal dlí ionas gur gá don dá thaobh cloí le téarmaí an chinnidh. Reáchtáiltear idirghabháil go príobháideach agus ní fhoilsítear an comhaontú.<br><br>Mura dtagtar ar chomhaontú trí idirghabháil, is féidir a iarraidh go dtógfaí do chás chuig imscrúdú.</td><td></td></tr>
</table>

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Imscrúdú<br><br>Má dhiúltaíonn tú tairiscint idirghabhála, rachaidh do ghearán chuig imscrúdú a láimhseálann Oifigeach Comhionannais. Reáchtáiltear imscrúdú go príobháideach chomh maith. Ag deireadh an imscrúdaithe eiseoidh Oifigeach an Bhinse Comhionannais cinneadh atá ina cheangal dlí ach is féidir leis an dá taobh achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais laistigh de 42 lá.<br><br>Ní mór gach cinneadh a fhoilsiú de réir an dlí ach i gcásanna leochaileacha is féidir ainmneacha a choinneáil siar.<br><br>Measúnú ag teastáil | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | A | | **Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le cuideachta phríobháideach theoranta mar chineál úinéireacht ghnó do ghnólacht nuathionscanta.**<br><br>Teacht ar chaipitil:<br>Tá an cumas atá ag cuideachta phríobháideach theoranta caipiteal a ardú trí scaireanna a dhíol le 99 scairshealbhóir ar a mhéad ar cheann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le struchtúr na cuideachta príobháidí teoranta. Tá costais tionscnaimh cosúil mar T&F, teicneolaíocht, margaíocht agus riachtanais foirne an-ard.<br><br>Dliteanas teoranta:<br>Tá dliteanas teoranta ag scairshealbhóirí na cuideachta príobháidí teoranta. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil na scairshealbhóirí faoi dhliteanas pearsanta agus nach féidir leo ach suim a gcuid infheistíochta bunaidh a chailleadh, má theipeann ar an ngnólacht.<br><br>Vóta amháin in aghaidh na scaire:<br>Tá cuideachta phríobháideach theoranta faoi rialú scairshealbhóirí bunaithe ar an riail "vóta amháin in aghaidh na scaire". Is féidir leis na scairshealbhóirí bunaidh rialú a choinneáil ar an gcuideachta a fhad is atá 51% nó níos mó den ghnáth-scairchaipiteal acu / Le cuideachta phríobháideach theoranta, coinníonn na comhaltaí an rialú mar nach ndíoltar scaireanna ar an stocmhalartán.<br><br>Aonán Dlíthiúil ar leith:<br>Déantar an gnólacht nua a chorprú agus bíonn sé ina aonán dlíthiúil ar leith i dtaobh cúrsaí dlí de, agus ciallaíonn seo gur féidir leis an ngnólacht an dlí a chur ar aonán eile nó gur féidir an dlí a chur ar an ngnólacht in ainm an ghnólachta féin, agus is féidir dul isteach i gconarthaí gnó. D'fhéadfadh sé seo bheith tábhachtach i gcás paitinne a chosnódh an gnólacht nua ó chéile comhraic aithrise.<br><br>Leanúnachas:<br>Tá an gnólacht neamhspleách go dlíthiúil ar na úinéirí agus dá bhrí sin is féidir leis leanúint ar aghaidh mar ghnólacht fiú tar éis bás scairshealbhóra.<br><br><u>Buntáistí eile:</u><br>Líon níos mó tallanna ar fáil / Rátáil chreidmheasa níos fearr ó bhainc ná comhpháirtíochtaí agus trádálaithe aonair / breis speisialtóireachta, etc. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | B | | **Pléigh na slite a dtéann an fás san fhostaíocht le tamall anuas i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann ó thaobh na heacnamaíochta de.**<br><br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br><br>De bharr go bhfuil níos mó ioncaim lánroghnaigh ag daoine, caithfidh daoine níos mó airgid ar earraí só e.g. níos mó gluaisteán nua agus níos mó laethanta saoire thar lear.<br>Léiríonn staitisticí oifigiúla Chumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI) go raibh méadú 31% ar chlárúcháin carranna nua in Eanáir 2015 thar Eanáir 2014.<br><br>Muinín gnó/fás fiontraíochta: Tá an ráta dífhostaíochta in Éirinn laghdaithe ó 14.2% in 2011 go dtí 9.9% in Aibreán 2015. Tá an t-éileamh ar earraí agus ar sheirbhísí méadaithe agus tá gnólachtaí nua oscailte nó leathnaithe mar gheall ar mhéadú ar bhrabús gnó. Tá níos mó fiontraíochta sa gheilleagar mar tá muinín na ndaoine ag méadú.<br><br>Ba cheart go laghdódh caiteachas reatha an rialtais de réir mar a fhostaítear daoine dífhostaithe agus dá bhrí sin laghdófar éilimh leasa shóisialaigh. Ceadóidh sé seo don Rialtas caiteachas a mhéadú i réimsí eile den gheilleagar e.g. sláinte agus oideachas.<br><br>Méadófar ioncam/fáltas cánach an Rialtais faoi mar a thiocfaidh méadú ar fháltais ó fhoinsí móra cánachais, e.g. tiocfaidh méadú ar fháltais CBL mar go mbeidh níos mó caiteachas tomhaltóirí ann agus méadófar fáltais ÍMAT siocair go bhfuil níos mó daoine ag obair agus ag íoc cáin ioncaim. Beidh níos mó airgeadais ag an Rialtas le hinfheistiú i ngeilleagar na hÉireann.<br><br>Ba cheart go dtitfeadh an eisimirce agus ba cheart go gcúlófaí ‘imirce daoine oilte’ (saothar oilte á easpórtáil).<br><br><u>Pointí eile ar féidir glacadh leo:</u><br>Fás Geilleagrach/níos mó Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI)/níos lú iasachtaí ag an Rialtais, etc. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | C | | *"Baineann freagracht chomhroinnte le comhshaol na hÉireann a chosaint agus a bhainistiú. Ní mór don Rialtas agus do chomhlachtaí poiblí, don lucht gnó agus don lucht tionsclaíochta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, oibriú as lámha a chéile."* ***An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)***<br><br>**Pléigh an chaoi a bhféadfadh gnólacht feidhmiú ar bhealach a bheadh aireach faoin gcomhshaol.**<br><br>Áirítear iad seo a leanas le freagraí samplacha:<br><br>Modhanna táirgthe níos glaine/ionadú ábhar/éifeachtúlacht fuinnimh (is féidir aistriú chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite a áireamh anseo). Is féidir an táirge féin a dhearadh chun ídiú acmhainní a laghdú (e.g. gan a bheith ag brath a oiread céanna ar acmhainní nádúrtha – umair uisce báistí, córais ghréine le haghaidh uisce) agus a shaolré úsáideach a fhadú. Má laghdaítear an tionchar a bheidh ag gnólacht ar an gcomhshaol, feabhsófar inbhuanaitheacht an ghnó. Cabhraíonn sé seo le haidhm na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.<br><br>Dramhaíl a laghdú a oiread agus is féidir / diúscairt shábháilte dramhaíola: D'fhéadfadh an gnólacht na ceithre ní seo a dhéanamh: laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil (*na 4Rs i mBéarla*). Má thairgtear dramhaíl, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun í a athúsáid, má tá sin praiticiúil.<br><br>Ábhar athchúrsáilte a úsáid a oiread agus is féidir: caomhnóidh athchúrsáil acmhainní agus laghdóidh sí dramhaíl, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gnólacht ábalta ábhair nó fuinneamh a aisghabháil ó dhramhaíl nach féidir a laghdú, a athúsáid ná a athchúrsáil.<br><br>Truailliú a chosc: Úsáid próiseas, cleachtas, ábhar, táirgí nó foinsí fuinnimh a sheachnaíonn nó a íoslaghdaíonn cruthú truailleán agus dramhaíola, agus dá bhrí sin a laghdaíonn an riosca le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol. Cosc truaillithe seachas rialú truaillithe atá i gceist.<br><br>Cód Eitice: D'fhéadfadh an gnólacht cód eitice a bhunú, is é sin ráiteas foirmiúil scríofa ina leagtar amach na modhanna iompair ar chóir do ghnólacht glacadh leo ina chuid déileálacha leis an gcomhshaol agus leis an bpobal ina n-oibríonn sé, cultúr oscailteachta, comhairliúcháin, macántachta agus feasachta ar cheisteanna comhshaoil a spreagadh, etc.<br><br><u>Pointí eile ar féidir glacadh leo:</u><br>Iniúchadh comhshaoil rialto/comhairle ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), / cur chun cinn ceisteanna comhshaoil (luach saothair as iarrachtaí 'glasa'), etc. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | **NÓ**<br><br>(Díriú ar na cáilíochtaí a bheadh ag gnólacht a bheadh aireach faoin gcomhshaol)<br><br>Comhairle/téigh i gcomhairle le páirtithe leasmhara sula dtugtar isteach beartais a bhféadfadh tionchar bheith acu ar an gcomhshaol.<br><br>Macánta/ná ceil timpistí comhshaoil/comhlíon an dlí.<br><br>Feasach/cuir feasacht chomhshaoil chun cinn i measc na foirne trína ndóthain oiliúna a chur ar fáil, rud a dteastóidh acmhainní chuige.<br><br>Oscailte le forbairt dearadh táirge nua / le próisis déantúsaíochta nach ndéanann dochar don chomhshaol / réitigh níos fearr do dheireadh ré táirge / athchúrsáil.<br><br>Íogair do riachtanais sochaí ina hiomláine agus cosaintí a bheith i bhfeidhm cosúil le hiniúchadh comhshaoil lena chinntiú go bhfuiltear ag feidhmiú ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol. Chun é seo a bhaint amach ba ceart beartais mar seo a leanas a bheith i bhfeidhm: Laghdú ar thruailliú aeir/Athchúrsáil dramhaíola/Caomhnú fuinnimh/Plandáil crann ar an áitreabh/Modhanna diúscartha inghlactha/Diúltaigh do phacáistiú iomarcach/ Forbairt inbhuanaithe bheith mar thosaíocht, etc. | |


| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | A | | **Pléigh cúiseanna a roghnódh cuideachtaí ilnáisiúnta (MNC) lonnú in Éirinn. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.**<br><br>Ráta Cánach Corparáide: Íocann corparáidí ilnáisiúnta cáin chorparáide 12.5% ar a gcuid brabús. Straitéis lárnach Rialtais is ea an t-ísealráta cánach corparáide maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) a mhealladh.<br><br>Tá mórláithreacht ag cuideachtaí domhanda ar nós Intel agus Google anseo agus mar toradh air sin is féidir an tátal a bhaint as gur áit mhaith í Éire le gnó a dhéanamh inti agus spreagann an cáilmheas idirnáisiúnta seo gnólachtaí eile le lonnú anseo. Tá cuideachtaí idirlín mar Facebook, Skype, agus eBay tar éis eiseamláir Google a leanúint agus teacht go hÉirinn. Seachthairbhí.<br><br>Tá an tÚdarás Forbartha Tionscail freagrach as infheistíocht dhíreach eachtrach in Éirinn a mhealladh agus a fhorbairt. D'idirghníomhaigh cuideachtaí ar nós Apple, Microsoft agus Facebook, etc. leis an Údarás Forbartha Tionscail san am atá thart agus fostaíonn comhlachtaí ilnáisiúnta eachtracha timpeall 150,000 go díreach in Éirinn.<br><br>Fórsa/lucht saothair ardoilte a bhfuil oideachas maith orthu a bheith ar fáil in Éirinn. Fostaíonn (corparáidí ilnáisiúnta) céimithe ardoilte, chomh fada le leibhéal PhD. Tá go leor de na céimithe seo ag plé le taighde agus forbairt, réimse tábhachtach i ngnólachtaí ilnáisiúnta. Tá ceanncheathrú Eorpach Google i mBaile Átha Cliath.<br><br>Mar gheall ar thabhairt isteach an airgeadra aonair, cruthaíodh dreasachtaí breise d'infheisteoirí eachtracha chun lonnú in Éirinn, chomh maith le cobhsaíocht choibhneasta praghais. Leis an euro, tá an saol i bhfad níos éasca do chorparáidí ilnáisiúnta agus do thaistealaithe gnó agus iad ag trádáil le limistéar an euro nó ag tabhairt cuairte ar thíortha i limistéar an euro.<br><br>Chuir cruthú an Mhargaidh Aonair deireadh le bacainní trádála laistigh den AE, ag ceadú do shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, an lucht saothair agus caipitil idir na Ballstáit. Tá teacht ag (corparáidí ilnáisiúnta) atá suite in Éirinn ar mhargadh ollmhór an AE ina bhfuil níos mó ná 500 milliún duine. Úsáideann Cuideachtaí Cógaisíochta Eire mar cloch cora i dtreo mhargadh na hEorpa.<br><br>Labhraítear Béarla in Éirinn agus is teanga ghnó idirnáisiúnta an Béarla. Mar aon leis sin, is gné thábhachtach an líon daoine atá ina gcónaí in Éirinn a labhraíonn teangacha éagsúla, rud a spreagann corparáidí ilnáisiúnta le lonnú anseo.<br><br>Etc. | 20 |


| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | B | | **Léirigh do thuiscint ar na téarmaí *meascadh (cumasc) margaíochta caighdeánaithe* agus *meascadh (cumasc) margaíochta oiriúnaithe*, i dtaca le margaíocht dhomhanda de.**<br><br>Caighdeánaithe: (Cur chuige neamhdhifreáilte leis na ceithre P/ Cumasc margaíochta comhsheasmhach)<br>Bíonn sé mar aidhm ag gnólachtaí domhanda mar Nike agus Levis, a bhfuil brandaí rathúla acu, an cur chuige neamhdhifreáilte céanna a bheith acu ar fud an domhain agus cumasc margaíochta caighdeánaithe a úsáid. Dírítear na táirgí ar fad ar ghrúpaí comhchosúla go háitiúil. Dá bharr seo bíonn costais níos ísle ar an gcuideachta mar aon le brabúsacht mhéadaithe.<br><br>Cumasc Margaíochta oiriúnaithe: (Athraítear gné/roinnt gnéithe den chumasc margaíochta (táirge, praghas, tionscnamh/cur ar aghaidh agus ionad) chun nósmhaireachtaí, luachanna, agus cás geilleagrach a léiriú)<br>Tá sé coitianta do ghnólacht cumasc margaíochta a chur in oiriúint chun difríochtaí réigiúnacha, an teanga áitiúil, difríochtaí cultúir, tíreolaíocha nó geilleagracha sa mhargadh a léiriú.<br><br>*Táirge Domhanda*<br>D'fhéadfadh go mbeadh gá leis an táirge a oiriúnú/athrú chun freagairt do riachtanais theicniúla, dlí agus teanga, e.g. carr clé-stiúrtha; d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le pacáistiú a athrú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh áitiúil.<br><br>Samplaí:<br><br>Athraíonn Starbucks a bhiachlár lena chur in oiriúint do bhia áitiúil. In Hong Cong, mar shampla, díolann siad Domplagáin Dragúin. Mar cheannaitheoir domhanda caife, tá cáil ar an gcuideachta le fada as dul i ngleic le cultúir áitiúla de réir a riachtanas.<br><br>Athraíonn McDonald's earraí ar an mbiachlár de réir roghanna áitiúla. Féadfaidh custaiméirí i Meicsiceo burgar cáise le sillí glas a ordú, féadfaidh custaiméirí in go leor tíortha Arabacha McArabia a cheannach, ceapaire kofta griollta ar arán piota.<br><br>*Praghas Domhanda*<br>Féachann gnólachtaí domhanda le praghas aonfhoirmeach a bhaint amach i ngach margadh; mar sin féin, téann na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar an gcuspóir seo go minic:<br><br>An costas maireachtála/ioncam indiúscartha i dtíortha éagsúla.<br>Taraifí, dleachtanna custaim agus rátaí CBL éagsúla.<br>Leibhéil áitiúla phraghais agus praghsanna a ghearrann iomaitheoirí sa mhargadh /athruithe ar an ráta malartaithe.<br><br>*Áit Dhomhanda*<br>De ghnáth, bíonn bealaí dáileacháin domhanda d'earraí fisiciúla níos faide agus bíonn baint ag níos mó idirghabhálaithe ar nós easpórtálaithe agus gníomhairí leo. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Áirítear iad seo a leanas ar shamplaí de na bealaí éagsúla atá ar fáil:<br>Díol go díreach le custaiméirí ar líne<br>Úsáid a bhaint as gníomhairí/duine neamhspleách a ghníomhóidh thar ceann an ghnólachta agus a gheobhaidh coimisiún ar dhíolacháin de ghnáth<br>Comhghuaillíocht straitéiseach le cuideachta eachtrach chun táirgí a tháirgeadh agus/nó a mhargú.<br><br>*Cur Chun Cinn Domhanda*<br>Ní mór difríochtaí i reachtaíocht, i dteanga agus i gcultúr a aithint agus an cur chun cinn á roghnú, feachtas fógraíochta agus poiblíochta, mar shampla.<br><br>Sampla:<br>D'fhéadfadh sé go gcaithfí an teanga i bhfógraí teilifíse a athrú i dtíortha éagsúla mar gheall ar bhacainní teanga nó d'fhéadfadh sé go measfaí an teachtaireacht a bheith gránna nó tarcaisneach i roinnt tíortha. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 3 | C | | **Tabhair breac-chuntas ar an chaoi a ndéantar *treoracha* agus *rialacháin* an AE a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.**<br><br>Is é an Coimisiún Eorpach comhlacht feidhmiúcháin an AE. Is é sin an comhlacht atá freagrach as reachtaíocht a mholadh/a dhréachtú etc.<br><br>Déantar plé ar na moltaí sin i bParlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin agus is féidir leasuithe ar an reachtaíocht a chur ar aghaidh.<br><br>De ghnáth, is í Comhairle an Aontais Eorpaigh a dhéanann cinntí. Príomhchomhlacht cinnteoireachta an AE is ea an Chomhairle etc.<br><br>A luaithe a ritheann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Pharlaimint reachtaíocht (comhchinneadh), tá sé de fhreagracht ar an gCoimisiún a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm í trí shraith treoracha agus rialachán.<br><br>*Treoir an AE:*<br>Cuireann sí oibleagáid ar bhallstáit a ndlíthe náisiúnta a athrú chun rialacha AE a chur san áireamh laistigh de thréimhse áirithe.<br>Níl sí ina ceangal ach i leith na dtorthaí a bhainfear amach; fágann sé seo go roghnaíonn ballstáit, laistigh de theorainneacha forordaithe, an modh trína mbainfear na rialacha agus na spriocanna amach.<br>Baintear úsáid astu chun dlíthe náisiúnta éagsúla a chur ar aon dul lena chéile agus tá siad coitianta i gcás cúrsaí a théann i bhfeidhm ar oibriú an Mhargaidh Aonair (e.g. caighdeáin sábháilteachta táirgí, DTLL [an Treoir maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach], an Treoir maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair.)<br><br>*Rialachán an AE:*<br>Is acht reachtaíochta de chuid an AE é seo atá in-fheidhmithe láithreach mar dhlí ina iomláine i ngach ballstát i gcomhthráth.<br>Tógann rialacháin tosaíocht ar dhlíthe náisiúnta. Forghníomhaíonn sé é féin agus ní theastaíonn aon bhearta chun é a chur i bhfeidhm. Is féidir le hinstitiúidí an AE rialachán a fhorfheidhmiú ar fud an AE. Faoi Rialachán 261/2004 bunaíodh rialacha comónta maidir le cúiteamh agus le cabhair do phaisinéirí aerlínte. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | A | i | Léirigh na sonraí thuas le barrachairt nó le líneghraf. | 25 |




| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | A | ii | **Tabhair breac-chuntas ar na prionsabail ar chóir do Phól iad a chur san áireamh chun a chinntiú go gcuireann sé a theachtaireacht in iúl go héifeachtach don bhord stiúrthóirí.**<br><br>Eolas an Lucht éisteachta / Ullmhúchán: Bíodh eolas agat ar do lucht éisteachta mar go mbeidh tionchar aige seo ar thon, glór agus cáilíocht na teachtaireachta/Ní mór go léireodh do theachtaireacht an leibhéal oideachais, aidhmeanna agus cuspóirí do lucht éisteachta. Ba cheart go mbeadh láidreachtaí agus laigí an bhoird ar eolas ag Pól/An teachtaireacht a dhíriú ar an lucht féachana sainiúil, an bord stiúrthóirí agus rudaí a fheiceáil óna dtaobh siúd.<br><br>Cruinneas: Eolas cuimsitheach a bheith agat ar an ábhar atá le plé/ Caithfidh a t-eolas fíriciúil go léir a bheith cruinn /Bíodh réamhrá, plean gníomhaíochta agus torthaí tuartha agat. Ba cheart go mbeadh Pól ag súil le hábhair imní an bhoird agus freagraí féideartha a bheith réitithe aige.<br><br>Soiléireacht/teanga chuí/coimre: Má tá an teanga rótheicniúil nó ródheacair don bhord stiúrthóirí a thuiscint, d'fhéadfaí ciall chontráilte a bhaint as an teachtaireacht. Caithfidh Pól teanga a roghnú atá oiriúnach dá lucht éisteachta agus féadfaidh sé abairtí gearra, soiléire a úsáid/béarlagair a sheachaint/an bhonnlíne a thabhairt.<br><br>Áiseanna Amhairc: "Is fiú míle focal pictiúr" agus cuireann áiseanna amhairc mar bharrachairteacha agus líneghraif sonraí airgeadais in iúl go héifeachtach. Trí fhaisnéis airgeadais a chur in iúl ar chairt, tá Pól á dhéanamh níos éasca don bhord stiúrthóirí an fhaisnéis a phróiseáil níos tapúla. D'fhéadfadh tionchar láidir bheith ag cur i láthair PowerPoint.<br><br>Rúndacht/sábháilteacht: Ní mór don mheán atá roghnaithe a bheith oiriúnach don teachtaireacht atá á tabhairt. Má tá an teachtaireacht íogair (sonraí díolacháin tuartha do tháirge nua) bíonn cruinnithe níos cuí agus níos éifeachtúla. D'fhéadfadh cruinniú duine le duine bheith níos éifeachtúla d'fhaisnéis íogair. Bheadh an-suim ag iomaitheoirí i bhfigiúirí díolachán tuartha Phóil.<br><br>Aiseolas: D'fhéadfadh go mbeadh an bord stiúrthóirí ag lorg / nó ag tabhairt aiseolais chun a thuilleadh a dhéanamh maidir leis an táirge. D'fhéadfadh gurb é seo an chúis leis an gcruinniú mar go dtugann sé deis aiseolas agus soiléiriú a thabhairt láithreach agus tugann sé deis do Phól aon mhíthuiscint a dhíbirt.<br><br>Pointí eile ar féidir glacadh leo:<br>Uainiú/modh oiriúnach/gá le taifead, etc. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | B | | **Tabhair breac-chuntas ar an mbuntáiste do ghnólacht a bhaineann le struchtúr feidhmiúil eagrúcháin.**<br><br>De bharr speisialú, i gcás go bhfuil gach roinn ag díriú go haonarach ar fheidhm amháin mar mhargaíocht, táirgeadh, díolacháin nó airgeadas, cothaíonn fostaithe agus bainistíocht ardleibhéil scileanna agus saineolais trí athdhéanamh agus cleachtadh. Dá bharr seo tarlaíonn éifeachtúlachtaí toisc go ndéantar tascanna níos tapúla agus ar ardchaighdeán.<br><br>Bíonn an slabhra ceannais agus an líne údaráis soiléir agus bíonn a fhios ag fostaithe cé dó a dtuairiscíonn siad. Bíonn duine i gceannas ar gach rannóg, rud a fheabhsaíonn comhordú agus inspreagadh mar go mbíonn a fhios ag fostaithe cé leis a bhfuiltear ag súil uathu. Bíonn cuntasacht ann mar go bhfuil duine éigin freagrach as gach rannóg.<br><br>Tá bealaí soiléire cumarsáide ann. Cuidíonn an struchtúr seo le líne shoiléir chumarsáide a chruthú idir barr agus bun an ghnólachta. Tagann treoracha anuas ón mbarr feadh an tslabhra ceannais agus cuirtear faisnéis in iúl suas an slabhra. D'fhéadfadh sé go gcuirfear faisnéis thábhachtach in iúl go tapa agus déanfar cinnteoireacht níos tapúla dá thoradh.<br><br>Ceadaíonn Struchtúr Feidhmiúil Eagrúcháin réise rialúcháin leathan.<br>Tá barainneachtaí scála ann mar go n-úsáidtear acmhainní go héifeachtúil gan aon dúbailt acmhainní. Scaoileann an réise rialúcháin leathan an lucht ardbhainistíochta ó mhicreabhainistiú a dhéanamh ar oibríochtaí, ionas gur féidir leo díriú ar straitéis fhoriomlán an ghnólachta.<br><br>Cosáin chuig Ardú Céime**:** Dréimire ordlathais sofheicthe, cosáin ghairme á gcur ar fáil d'fhostaithe/ tugtar scóip d'ardú céime go dtí an chéad leibhéal eile ionas gur féidir le gnólacht ardú céime a thabhairt laistigh etc. | 15 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | C | | **Mínigh na modhanna a d'fhéadfadh gnólacht a chur san áireamh chun an baol a ghabhann le drochfhiacha a íoslaghdú mar chuid dá chóras rialaithe creidmheasa.**<br><br>Creidiúnacht custaiméirí a mheas:<br>Seiceáiltear creidiúnacht custaiméara roimhe ré, e.g. iarrtar teistiméireachtaí ar an mbanc, teistiméireachtaí trádála, biúró creidmheasa.<br><br>Teorainneacha creidmheasa agus tréimhsí creidmheasa cuí a shocrú:<br>Tarraing téarmaí agus coinníollacha soiléire a rialaíonn an méid creidmheasa agus a chinntíonn go ndéantar na híocaíochtaí in am, e.g. teorainn chreidmheasa €5,000 agus teorainn ama de mhí amháin.<br><br>Dreasachtaí mar lascaine airgid a thairiscint má íoctar luath nó go pras.<br><br>Beartas maidir le híocaíochtaí deireanacha/páirtíocaíochtaí: aontú ar phionóis as íocaíochtaí deireanacha agus iad a fhorfheidhmiú, e.g. ús a ghearradh ar chuntais thar téarma.<br><br>Córas riaracháin éifeachtúil a bheith ann ina dtarlaíonn sonrascú, éilimh íocaíochta agus glaonna agus cuairteanna leanúnacha go pras chun íocaíocht a chinntiú / Gabh chun dlí nó bagair é chun íocaíocht a chinntiú / Cuir áis chreidmheasa ar feitheamh go dtí go nglantar an cuntas.<br><br>Glac le polasaí gan ach díolacháin ar airgead a dhéanamh le custaiméirí áirithe etc. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | A | i | **Dréachtaigh saolré táirge agus cuir lipéid uirthi.**<br> | 25 |
| 5 | A | ii | Déan cur síos ar shaintréith **amháin** de gach céim de shaolré táirge agus tú ag tagairt do tháirge de do rogha féin.<br><br>Sampla ag teastáil<br><br><u>Tabhairt Isteach:</u> Déantar go leor caiteachais ar an táirge a chur chun cinn agus ní mór don chuideachta cinneadh ar straitéis phraghsála oiriúnach, e.g. roghnaigh Apple straitéis praghsála ard agus roghnaigh Samsung straitéis praghsála níos ísle d'fhonn sciar den mhargadh a ghabháil.<br><br>Fás Díolacháin Mall / Caiteachas ard (Fógraíocht, Tionscnamh díolacháin, Dáileadh) / sreabhadh airgid diúltach / Níl aon bhrabús ann.<br><br><u>Fás:</u> Teastaíonn infheistíocht i gcumas táirgthe le coinneáil suas leis an éileamh. Caithfidh an chuideachta bheith réidh le dearadh an táirge a fheabhsú, gné a mhionathrú, leithéid rochtain idirlín nó méid an scáileáin ar an iPhone 6, le bheith iomaíoch.<br><br>Fás Tapa Díolachán / Costais ag titim / Sreabhadh Airgid Dearfach / Brabús ag fás / Táirgeadh fairsingithe óna dteastaíonn tuilleadh infheistíochta.<br><br><u>Aibíocht:</u> Tagann díolacháin agus brabús chuig buaicphointe/tagann siad ar leibhéal seasta agus tá an táirge feicthe ag formhór na gcustaiméirí sa mhargadh. D'fhéadfaí díriú ar an gcaoi lena saolré a fhadú agus a iomaíochas a chothabháil. D'fhéadfaí fógraíocht treise a chur le táirge nó an táirge a chur i gcuimhne do chustaiméirí. D'fhéadfaí margaí eile a lorg | |

<table>
<tr><th colspan="3">Ceist</th><th>Freagra Féideartha</th><th>Uasmharc</th></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td>(gutháin shoghluaiste sa tSín). D’fhéadfadh táirgí iomaíocha teacht isteach sa mhargadh.<br><br>Díolacháin ag méadú ach ar ráta atá ag laghdú / Tagann brabús chuig buaicphointe agus tosaíonn siad ag éirí seasta / Mura ndéantar aon fhorbairt eile ar an táirge d’fhéadfadh sé tosú ag meath.<br><br><u>Sáithiú:</u> Tosaíonn díolacháin ag moilliú agus déantar dianfhógraíocht agus diantionscnamh díolacháin chun an sciar den mhargadh a choinneáil.<br>Tá dílseacht don bhranda ríthábhachtach ag an gcéim seo. Caitheann na cuideachtaí móra guthán soghluaiste na milliúin dollar gach bliain ar fhógraíocht agus ar thionscnamh díolacháin. Dar le Reuters, chaith Samsung timpeall $14 billiún ar mhargaíocht in 2013.<br><br>Díolacháin ag moilliú mar go bhfuil an margadh sáithithe / Costais ardaithe (Fógraíocht agus Tionscnamh Díolacháin) / D’fhéadfadh praghsanna titim chun úsáid a spreagadh.<br><br><u>Meath:</u> Tosaíonn díolacháin agus brabús ag titim agus d’fhéadfaí iarracht a dhéanamh saolré an táirge a fhadú nó an táirge a sheoladh arís i margadh nua. Mar shampla, chuaigh an guthán soghluaiste Nokia as feidhm mar gheall ar theicneolaíocht an ghutháin chliste.<br><br>Díolacháin agus Brabús ag titim / Aistarraingt an táirge ón margadh / D’fhéadfaí an táirge a athsheoladh i margadh éagsúil / Baint táirge (táirge atá ag meath a dhíol gan aon chaiteachas ar thionscnamh díolachán mar mhaithe le brabús gearrthéarma).</td><td></td></tr>
<tr><td>5</td><td>B</td><td></td><td>Is céimeanna sa Phróiseas Forbartha do Tháirge nua iad Staidéar Indéantachta, Margaíocht Tástála, Scagadh Táirgí agus Forbairt Fréamhshamhla.</td><td>20</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>i</td><td>Déan liosta de na ceithre chéim thuas agus iad san ord ceart.<br><br>1. Scagadh Táirge<br>2. Staidéar Indéantachta<br>3. Forbairt Fréamhshamhla<br>4. Margaíocht Tástála</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>ii</td><td>Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar thrí cinn ar bith de na céimeanna seo.<br><br><u>Scagadh táirge</u> (Scagadh Smaointe): Déantar gach smaoineamh a scagadh agus fágtar na smaointe neamhphraiticiúla agus do-oibrithe ar lár. Fágann sé sin na smaointe is inmharthana le haghaidh tuilleadh scrúdaithe agus forbartha. Cabhraíonn scagadh cúramach le gnólachtaí costais mhóra a bhaineann le forbairt smaointe nach bhfuil indíolta ina dhiaidh sin a sheachaint, agus cinntíonn sé nach gcaillfear deiseanna maithe.</td><td></td></tr>
</table>

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Staidéar Indéantachta: Déantar é seo chun a mheas an bhfuil poitéinseal ag táirge. Fiosraíonn sé cé acu is féidir é a tháirgeadh go teicniúil nó nach féidir (indéantacht táirgeachta) agus an mbeidh sé brabúsach nó nach mbeidh (indéantacht airgeadais). Iarrann sé freagraí ar cheisteanna amhail: cén costas a bheidh ar a tháirgeadh agus an bhfuil sé d'acmhainn ag an ngnólacht é a fhorbairt?<br><br>Forbairt Fréamhshamhla: Baineann an chéim seo le heiseamláir nó múnla de tháirge a fhorbairt. Táirgtear é le fáil amach cé na hábhair atá ag teastáil chun é a dhéanamh. Is féidir é a úsáid leis an táirge a thástáil le fáil amach an bhfuil sé ag teacht le caighdeáin áirithe agus le cinneadh a dhéanamh ar na ceartuithe/na feabhsuithe is féidir a dhéanamh sula gcinntear táirgeadh iomlán a thosú.<br><br>Margadh Tástála/Tástáil Táirge: Baineann sé le tástáil bheagscála a dhéanamh chun lochtanna féideartha a aithint agus chun freagairt custaiméirí a mheas. Déantar an táirge a thástáil ar shampla de thomhaltóirí féideartha sula dtosaítear an táirgeadh iomlán. | |
| **5** | **C** | | **Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.**<br><br>De bhrí gur chaill sí a post, tá sé socraithe ag Lia Ní Bhriain a fiontar féin a bhunú chun gréithe aon uaire (indiúscartha) de dhearaí sainiúla, chomh maith le cupáin pháipéir, a dhéanamh do shiopaí beaga caife agus do bhialanna beaga. Aithníonn sí, áfach, nach leor smaoineamh a bheith aici agus fonn a bheith uirthi chun a chinntiú go n-éireodh léi.<br><br>**Pléigh na príomhcheisteanna a mbeidh ar Lia aghaidh a thabhairt orthu sula mbunóidh sí a fiontar gnó.**<br><br>Tiomsú Airgid/Caipitil: Déanfaidh Lia cinneadh cé mhéad caipiteal fiachais agus caipiteal cothromais a úsáidfidh sí mar fhoinsí airgeadais chun a gnó a fhás agus a mhéadú. Baineann na rioscaí a ghabhann le bheith ardghiaráilte le caipiteal fiachais.  Ní mór aisíocaíochtaí úis sheasta a dhéanamh ar neamhaird le brabúsacht.<br><br>Modh Táirgthe: Is gá do ghnólacht modh cuí táirgeachta a roghnú, rud a oireann don chineál earra a bhíonn á dhéanamh agus don éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar an táirge. Bíonn éilimh éagsúla ó thaobh uathoibriú, soláthar foirne agus stórála ann i gcás jabtháirgeachta nó baisctháirgeachta. Beidh ar Lia jabtháirgeadh nó baisctháirgeadh a roghnú d'fhonn an raon éagsúil táirgí ata á ndíol aici a dhéanamh.<br><br>Roghanna na hÚinéireachta:  Is gá struchtúr úinéireachta a chinneadh. Gabhann éilimh éagsúla le struchtúir éagsúla ó thaobh riosca, rialú, | 15 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | úinéireachta, dliteanais, impleachtaí cánach, etc., de. Bheadh sé inmholta do Lia struchtúr cuideachta príobháidí teoranta a roghnú mar gheall ar na buntáistí a bhaineann le dliteanas teoranta, ionchorprú agus tiomsú airgid etc.<br><br><u>Margaíocht a dhéanamh ar a gnólacht:</u> Custaiméirí a aimsiú / Taighde margaidh / Cinneadh a dhéanamh ar bhranda / Gné uathúil dhíolacháin / fógraíocht etc.<br><br><u>Acmhainní ar fáil:</u> (Bonneagar/Seirbhísí Gnó/Saothar etc) | |
| **6** | **A** | | Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.<br><br>**FOIRM THOGRA ÁRACHAIS DO GHLUAISTEÁN PRÍOBHÁIDEACH**<br>***DEARBHÚ***<br>Dearbhaím/Dearbhaímid, chomh fada le m'eolas agus le mo bharúil / lenár n-eolas agus lenár mbarúil, go bhfuil an t-eolas a thugtar ar an bhfoirm seo fíor agus iomlán i ngach slí. | 20 |
| | | **i** | **Tabhair breac-chuntas ar an bhfeidhm atá ag 'foirm thogra árachais'.**<br><br>Úsáidtear foirmeacha Togra Árachais chun iarratas a dhéanamh ar chlúdach árachais agus tugtar sonraíochtaí iomlána an riosca a bhfuil an chosaint ag teastáil ón gcuideachta ina aghaidh. Cuidíonn foirm Thogra Árachais leis an gcuideachta árachais an phréimh a ríomh bunaithe ar na rioscaí féideartha ar fad i ndáil leis an bpolasaí árachais. | |
| | | **ii** | **Mínigh an prionsabal árachais a bhfuil tagairt dó sa sliocht den fhoirm thogra árachais do ghluaisteán príobháideach thuas.**<br><br>**Meon Lánmhaith:** Ní mór na **fíricí ábhartha** go léir a nochtadh. Ní mór don té a bhfuil árachas á ghlacadh acu na ceisteanna ar fad a fhreagairt go fírinneach. Mura ndéantar sin, ní bheith maith ar bith sa chlúdach árachais. Má fhaightear an conradh árachais trí chalaois nó trí mhífhaisnéis, beidh sé ar neamhní. e.g. ba cheart do thiománaí an líon pointí pionóis ar a cheadúnas a dhearbhú go macánta. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | iii | **Tabhair breac-chuntas ar dhá phrionsabal árachais eile a bhaineann le conarthaí árachais.**<br><br>**Slánaíocht:** Ní féidir le duine faoi árachas brabús a dhéanamh as éileamh árachais, i.e. is é is mó is féidir le hárachas a dhéanamh an duine faoi árachas a chur ar ais sa seasamh airgeadais céanna ina raibh sé/sí sular tharla an caillteanas. Má scriostar carr i dtimpiste faigheann an duine faoi árachas a luach agus ní an méid a íocadh air ó thús.<br><br>**Leas Inárachais:** Ní mór go mbeadh buntáiste ann don té faoi árachas an t-aonad nochta a bheith acu agus ní mór dóibh fulaingt de bharr a chaillteanais. Féadfaidh tú árachas a chur ar do charr féin ach ní ar charr do chomharsan. Go bunúsach, ní féidir leat rud a chur faoi árachas mura bhfuil leas dílsithe agat ann.<br><br>**Seachaíocht:** Má bhíonn tríú páirtí freagrach as damáiste a dhéanamh do do charr i dtimpiste agus má chúitíonn d'árachóir féin leat é, féadfaidh d'árachóir an dlí a chur ar an tiománaí eile. Ciallaíonn seachaíocht go bhfaigheann d'árachóir an ceart atá agatsa an dlí a chur ar an tríú páirtí nuair a ghlacann tú le socrú árachais. Ar an gcaoi seo, ní féidir leat bailiú don damáiste céanna faoi dhó agus tugann sé deis do d'árachóir a chaillteanais a fháil ar ais. Go bunúsach, tá an prionsabal nasctha le slánaíocht lena chinntiú nach ndéanann duine brabach as árachas.<br><br>**Ranníocaíocht:** Deir an prionsabal seo má bhíonn níos mó ná árachóir amháin agat atá faoi dhliteanas as do chaillteanas, caithfidh siad an caillteanas a roinnt. Má ghlacann tú dhá pholasaí ar do charr, ní féidir leat bailiú ón dá árachóir. D'íocfadh cuideachta amháin thú agus bhaileoidís ón dara cuideachta, nó roinnfeadh an dá chuideachta an íocaíocht chúitimh eatarthu. Go bunúsach, tá an prionsabal nasctha le slánaíocht lena chinntiú nach ndéanann duine brabach as árachas. | |
| 6 | B | | **Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí do na fostaithe i ngnólacht as *measúnú feidhmíochta*.**<br><br>Luaíochtaí/Airgeadais agus neamhairgeadais: D'fhéadfaí é a úsáid chun arduithe pá a chinneadh d'fhostaithe agus luaíochtaí eile mar scéimeanna scair-rogha, sochair chomhchineáil etc.<br><br>Inspreagadh/Sásamh poist: Tá measúnú feidhmíochta tábhachtach chun foireann a spreagadh, cumarsáid a dhéanamh agus caidreamh dearfach idir bainistíocht agus an fhoireann a chothú / cinntíonn sé caighdeáin ardfheidhmíochta /obair ar lánchumas/sásta sa phost. | 15 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Caidreamh tionsclaíoch: D'fhéadfaí aird a tharraingt ar choimhlintí féideartha san ionad oibre trí mheasúnú feidhmíochta. Cuireann sé seo ar chumas gnólachta dul i ngleic le fadhbanna/ceisteanna idir an bhainistíocht agus an fhoireann agus iad a réiteach agus cuidíonn sé le caidreamh tionsclaíoch a fheabhsú san ionad oibre/ soiléiriú a thabhairt.<br><br>Oiliúint agus forbairt: Féadfaidh an t-agallamh measúnaithe feidhmíochta riachtanais oiliúna agus ghairme a aithint d'fhostaithe agus oiliúint chuí a chur ar fáil / Féadfar measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gclár oiliúna atá ar fáil cheana.<br><br>Aiseolas: Tugann sé deis d'fhostaithe aiseolas a thabhairt agus a fháil, rud a d'fhéadfadh sásamh poist/inspreagadh an fhostaí a fheabhsú.<br><br>Measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na bainistíochta agus na bhfostaithe: Pléitear agus athbhreithnítear na spriocanna a leagadh amach an bhliain roimhe agus éachtaí an fhostaí/aithnítear réimsí faidhbe. Leagtar amach le chéile tosaíochtaí agus spriocanna don bhliain amach rompu chun soiléire a thabhairt don fhostaí / Cumarsáid dhá bhealach/ déantar measúnú ar na fostaithe ar a bhfeidhmíocht féin.<br><br>Cosán chun cinn/Aitheantas: Aithnítear láidreachtaí ceilte i bhfostaithe is féidir a úsáid agus a aithint / tugtar aitheantas d'éachtaí trí ardú céime / cuidíonn sé le cinntí maidir le hardú céime. | |
| 6 | C | i | **Mínigh na cúiseanna a n-ullmhódh Amrod Teo. réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid.**<br><br>Cuideoidh sé le Amrod Teo. a shreabhadh airgid a bhainistiú agus maireachtáil laistigh dá n-acmhainní. Feidhmíonn sí mar **mheicníocht rialaithe airgeadais** is féidir a úsáid chun sreabhadh iarbhír airgid a thomhas in aghaidh sreabhadh pleanáilte airgid, rud a spreagann Amrod Teo. chun a airgeadas a phleanáil go ciallmhar agus maireachtáil laistigh dá acmhainní agus gan an iomarca trádála a dhéanamh/Seachnaíonn sé fadhbanna sreafa airgid/ lena chinntiú go bhfuil dóthain maoinithe aige.<br><br>Cabhraíonn sé le Amrod Teo. tréimhsí ama amach anseo nuair a bheidh caiteachas an ghnólachta níos mó ná a ioncam, i.e. easnamh, a aithint, agus gníomh ceartaitheach a dhéanamh/measúnú a dhéanamh ar na modhanna cearta chun déileáil leis an easnamh airgid/ Cuir ar chumas Amrod Teo. a **acmhainní ganna** a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla.<br><br>Cabhróidh sé le Amrod Teo. tréimhsí ama amach anseo nuair a bheidh ioncam an ghnólachta níos mó ná a chaiteachas a aithint. Is féidir le Amrod Teo. pleananna a chur le chéile ansin chun an **t-airgead breise** sin a chur ar taisce le hinstitiúid airgeadais nó cinntí fairsingithe a dhéanamh. | 25 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | Cuideoidh sé le Amrod Teo. **teacht a bheith aige ar mhaoiniú** ó institiúidí airgeadais mar go bhfuil an réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid ina chuid lárnach den phlean gnó a thugtar do bhainc agus d'infheisteoirí féideartha eile / Tacaíonn sé le hiarratais ar iasachtaí agus deontais. | |
| 6 | C | ii | **Ríomh na figiúirí a seasann na litreacha A, B agus C dóibh ar an réamhaisnéis faoin sreabhadh airgid.**<br><br>A = (€10,000) =2m<br>B = (€30,000)=2m (90,000 -120,000)= 1m<br>C = €20,000 =2m | |
| 6 | C | iii | Fadhb Airgeadais:<br><br>Is iad Deireadh Fómhair agus Nollaig na míonna ina bhfuil easnamh.<br><br>Conas dul i ngleic leis:<br><br>Bain leas as foinse maoinithe ghearrthéarmach:<br><br>D'fhéadfadh Amrod Teo. saoráid rótharraingte bainc a eagrú lena bhanc chun maoiniú a chur ar fáil le linn míonna fadhbacha ina mbíonn easnamh i gcistí an ghnólachta. Soláthraíonn an tsaoráid rótharraingte tuilleadh solúbthachta do Amrod Teo. nuair is mó a bhíonn an gá aige léi. Ba cheart cúram a ghlacadh, áfach, mar go ngearrtar ardráta úis ar rótharraingt bhainc. D'fhéadfaí foinsí gearrthéarmacha eile a chur san áireamh, leithéid creidmheas trádála (íocaíocht a chur siar le creidiúnaithe / tréimhse chreidmheasa níos faide a lorg ó chreidiúnaithe)<br><br>Mionathraigh fáltais: D'fhéadfaí a fháltais i nDeireadh Fómhair agus Nollaig a mhéadú trína chumasc margaíochta a athrú, e.g. an praghas díola a ísliú, an praghas a mhéadú ag brath ar athruithe, táirgí nua nó feachtais cuir chun cinn níos éifeachtúla a dhearadh/an tréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe a laghdú/díolacháin airgid thirim amháin.<br><br>Mionathraigh íocaíochtaí: D'fhéadfadh an gnólacht a íocaíochtaí airgid thirim a laghdú trí sholáthraithe níos saoire a aimsiú, aisíocaíochtaí iasachta a athstruchtúrú nó trí iarraidh ar fhostaithe laghdú pá a thógáil. Trí €10,000 d'íocaíochtaí a bhogadh ó Dheireadh Fómhair go Nollaig, d'éireodh leis na gcuideachtaí cóimheá airgid a bhaint amach ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair etc. | |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | A | | Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair an cheist a leanann é.<br><br>Cuireann Cuar Teo. seirbhísí leathanbhanda, gutháin agus teilifíse ar fáil do thithe cónaithe i margadh na hÉireann. I mí Eanáir 2015, sheol sé a sheirbhís nua dhigiteach teilifíse, '*FÍS*', ina gcuirtear beartáin éagsúla de chainéil ar fáil ar phraghsanna éagsúla. Gearrann sé síntiús laghdaithe ar chustaiméirí nua do na chéad sé mhí. Is féidir orduithe a chur isteach go díreach ar líne. Tá an gnólacht ag feidhmiú i margadh atá thar a bheith iomaíoch agus tá sé ar intinn aige a ioncam ó dhíolacháin a mhéadú 20% as seo go ceann dhá bhliain.<br><br>**Mínigh na gnéithe *táirge*, *praghas* agus *ionad* sa mheascadh (chumasc) margaíochta. Bíodh baint ag do chuid míniúchán le Cuar Teo.**<br><br>**Táirge/Seirbhís**<br>An t-earra/seirbhís atá ar díol móide aon ní a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar, a bpacáistítear agus a n-ainmnítear í. Is gá don ghnólacht breith a dhéanamh ar roghanna táirge/seirbhíse, an tseirbhís iardhíola, barántais agus seirbhísiú etc.<br><br>Dearadh táirge (Feidhmiúlacht): ní mó go gcuirfí san áireamh reachtaíocht tomhaltóra cosúil mar an tAcht um Dhíol Earraí agus Sholáthar Seirbhísí, 1980, a chuireann freagracht reachtaíochta ar tháirgeoirí as earraí a dhéanamh nó seirbhísí a chur ar fáil a mianach inmhargaidh iontu (indíolta) agus oiriúnach don fheidhm/cuspóir atá beartaithe. Is gá go ndéanfadh an táirge/an tseirbhís na rudaí atá sé ceaptha a dhéanamh.<br><br>Tá an táirge (an tseirbhís) a chuireann Cuar Teo. ar fáil deartha mar *'sheirbhís dhigiteach teilifíse'*.<br><br>Brandáil<br>Bíonn sé níos éasca idirdhealú a dhéanamh idir táirge/seirbhísí agus táirgí/seirbhísí iomaitheoirí má bhíonn ainm branda agat. Is féidir brandáil a úsáid mar uirlis mhargaíochta chun críocha fógraíochta. Bíonn sé níos éasca táirgí/seirbhísí a thabhairt isteach má bhíonn eolas cheana ar an mbranda. Is féidir ainmneacha branda a chlárú chun an t-úinéir a chosaint ionas nach féidir le haon ghnólacht eile an t-ainm sin a úsáid.<br><br>Cabhraíonn brandáil leis an gceannaitheoir earraí/seirbhísí soláthróra áirithe a aithint agus cruthaíonn agus cothaíonn sé a mhuinín i bhfeidhmíocht an bhranda, rud a spreagann dílseacht branda.<br><br>*"FÍS"* is ainm don bhranda. | 25 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Praghas**<br>Praghsáil bhisigh/praghsáil dul i bhfód/praghsáil an chostais plus.<br><br>Tá comórtas an-dian san earnáil leathanbhanda / seirbhís dhigiteach teilifíse agus beidh tionchar aige sin ar an bpraghas a ghearrfar. Bíonn tionchar ag cinntí ar phraghas ar inmharthanacht an bhranda agus ar bhrabúsacht an ghnólachta, mar sin is gá bheith an-chúramach agus cinneadh á dhéanamh ar athrú praghais. Féadfaidh tomhaltóirí praghas a úsáid mar bhreithiúnas ar cháilíocht/dá bhrí sin ní mór a bheith cúramach maidir le praghsanna ísle.<br><br>Is é an straitéis praghsála a roghnaigh Cuar Teo. straitéis phraghsála ar a dtugtar praghsáil dul i bhfód d'fhonn sciar den mhargadh a ghlacadh a luaithe agus is féidir:<br><br>*"Gearrann sé síntiús laghdaithe ar chustaiméirí nua do na chéad sé mhí."*<br><br>*"cuirtear beartáin éagsúla de chainéil ar fáil ar phraghsanna éagsúla."*<br><br>**Ionad**<br>Baineann gné an ionaid leis an táirge/tseirbhís cheart a dháileadh ar an gcustaiméir san áit cheart ag an am ceart. Ní mór na bealaí dáileacháin is oiriúnaí a úsáid.<br><br>Díolachán Díreach / bealach áisiúil don tomhaltóir is ea díol ar líne agus gearrann sé amach na costais a bhaineann le hidirghabhálaithe/níl aon chorrlach miondíoltóra ag baint leis an bpróiseas dáileacháin. Tugann sé an eagraíocht níos gaire don chustaiméir. Is féidir le cuideachtaí a gcuid táirgí a fhógairt agus a dhíol ar líne trí úsáid a bhaint as suíomh gréasáin na cuideachta. Cuireann tomhaltóirí orduithe isteach ar líne agus cuirtear an tseirbhís ar fáil nó i gcás earraí fisiciúla, seachadtar earraí trí úsáid a bhaint as an gcóras poist nó as seirbhís seachadta chúiréireachta.<br><br>Is é an bealach dáileacháin a roghnaigh Cuar Teo. chun a tháirge a thabhairt chun margaidh ná an bealach díreach mar, *'Is féidir orduithe a chur isteach go díreach ar líne'* - is é sin, díreach chuig an tomhaltóir tríd an Idirlíon. | |
| 7 | B | i | **Mínigh an téarma *Caidreamh Poiblí* (PR).**<br><br>Is é is Caidreamh Poiblí ann ná gach gníomhaíocht a bhaineann le dea-íomhá phoiblí a chruthú don táirge nó don tseirbhís i measc na bpáirtithe leasmhara. Tá sé mar aidhm leis poiblíocht fhabhrach a bhaint amach agus dea-íomhá chorparáideach a thógáil don ghnólacht / baineann sé leis an gcuspóir fadtéarmach íomhá fhabhrach den ghnólacht a chur chun cinn. | 20 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | B | ii | **Pléigh bealaí a bhféadfadh gnólacht iad a chur san áireamh chun Caidreamh Poiblí maith a chruthú.**<br><br>**Poiblíocht**: Is féidir Caidreamh Poiblí a dhéanamh trí phreaseisiúintí / phreasocáidí ina dtugtar faisnéis do na meáin maidir le gníomhaíochtaí na cuideachta.<br><br>Foirm eile is ea **urraíocht** ina n-íocann gnólachtaí airgead lena n-ainm a chur ar taispeáint ar dhaoine, eagraíochtaí nó ag imeachtaí áirithe nó i staid spóirt. Tig leis bheith an-éifeachtach chun gnólacht a láithriú (urraíocht a dhéanamh ar imeachtaí spóirt nó ar chláir teilifíse). Is féidir le gnólachtaí iad féin a láithriú mar ghnólacht mór, mar ghnólacht náisiúnta, mar ghnólacht a bhfuil tóir orthu, mar ghnólacht traidisiúnta, etc.<br><br>e.g. Staid an Aviva, an 3 Arena i mBaile Átha Cliath, féile Snagcheoil Guinness Chorcaí agus Páirc an Irish Independent (Páirc Musgrave roimhe seo i gCorcaigh), "Kellog's GAA Cúl camps".<br><br>**Tacaíocht ó dhaoine clúiteacha** – áit a n-íoctar daoine cáiliúla chun tacaíocht a thabhairt do ghnólacht agus a bhranda nó bheith bainteach leis. Déanann na daoine cáiliúla margaíocht ar an táirge trí fhógraí teilifíse nó raidió, bheith i láthair ag imeachtaí móra, etc. Úsáideann gnólachtaí daoine cáiliúla ina margaíocht chun borradh a chur faoi dhíolacháin agus chun tionchar dearfach bheith acu ar bhrabúis.<br>e.g. Tá Beyonce agus Taylor Swift ina "n-ambasadóirí branda" do Pepsi<br>Amy Huberman - Newbridge Silver<br>Brian O'Driscoll - Gillette<br>Katie Taylor - Banc na hÉireann<br><br>**Straitéisí caidrimh phoiblí**: Tuarascálacha bliantúla; bróisiúir chuideachta; litríocht phoiblíochta; scannáin tionscnamh / síntiúis le carthanais / agus caidreamh pobail áitiúla / seirbhís iardhíola etc. | |
| 7 | C | i | **Sainmhínigh an téarma deighilt *an mhargaidh.***<br><br>Is éard atá i gceist le deighilt an mhargaidh ná an margadh a roinnt ina gcodanna atá inaitheanta go soiléir agus a bhfuil tréithe comhchoiteanna acu. Tugann sí deis do chuideachta a spriocmhargadh a aithint.<br><br>Is é a bhaineann leis spriocmhargadh leathan a roinnt ina fho-ranna tomhaltóirí, gnólachtaí, nó tíortha a bhfuil riachtanais agus tosaíochtaí coitianta acu, agus ansin straitéisí a dhearadh agus a fhorfheidhmiú le díriú orthu. | 15 |

| Ceist | | | Freagra Féideartha | Uasmharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | C | ii | **Léirigh dhá mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a chur san áireamh chun a mhargadh a dheighilt.**<br><br>An Déimeagrafaic (cé air a bhfuil tú ag díriú?)<br><br>Féadfaidh tú margaí a roinnt de réir go leor saintréithe: aois, ioncam, inscne, etc. Nuair atá do chustaiméirí grúpáilte agat de réir déimeagrafaice, féadfaidh tú do straitéisí a dhíriú orthu siúd go sonrach, mar gur iondúil go bhfreagraíonn daoine ón déimeagrafaic chéanna ar an gcaoi chéanna don margaíocht.<br><br>e.g. Aois: Is iondúil go ndíríonn gnólachtaí ar aoisghrúpaí áirithe; táirgí taos fiacla do leanaí agus daoine fásta, cur i gcás, agus bréagáin d'aoiseanna éagsúla.<br>e.g. Inscne: Dírítear cineálacha éadaí, gruagaireachta, irisleabhar, earraí maisíochta agus cosmaidí ar fhir agus ar mhná ar bhealaí difriúla.<br><br>Tíreolaíocht (cá bhfuil tú ag díriú?)<br><br>Úsáidtear tomhais bhunúsacha tíreolaíochta anseo cosúil le náisiúin, stáit, cathracha, réigiúin agus comharsanachtaí, aeráid, dlús daonraí, agus an ráta ar a bhfuil daonraí ag fás chun an margadh a dheighilt.<br>Trí úsáid a bhaint as leithéid saol uirbeach in aghaidh na tuaithe, tuaisceart in aghaidh deiscirt, cóstaí farraige in aghaidh ceantair intíre, áiteanna teo in aghaidh áiteanna fuara, is féidir leis an ngnólacht straitéis mhargaíochta a dhearadh chun na spriocmhargaí sin a shásamh.<br><br>e.g. Fáilte Éireann ag roinnt na tíre ina réigiúin mar Chorcaí/Chiarraí, Slí an Atlantaigh Fhiáin, nó Sciuirdeanna Cathrach, etc.<br><br>e.g. Nuachtáin/ Raidió áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.<br><br>An tSíceolaíocht (cén fáth an bhfuil tú ag díriú?)<br><br>Margaí deighilte ina ngrúpaí bunaithe ar athróga mar phearsantacht, stíl mhaireachtála agus luachanna.<br><br>e.g. Carranna le hoiriúint do stíleanna maireachtála éagsúla (carr hibrideach, carr atá eacnamaíoch agus 'cairdiúil' leis an gcomhshaol) /Earraí spóirt | |

**A CHRÍOCH SIN**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán